TURAS NA CROISE A GHUÍ

Trócaire

Is nós traidisiúnta paidreoireachta é Turas na Croise a dhéanamh i rith an Charghais.

Guímid an phaidir aitheanta seo le bheith in éineacht le hÍosa Críost, an té chuir an turas seo de ag iompar na croise, gléas a bháis, toisc go raibh grá tiomanta aige dúinne. Guímid Turas na Croise toisc gur mhaith linn a bheith mar chairde Chríost agus an grá ollmhór atá aige dúinne a chúiteamh leis. Cuirimid an t-aistear seo dínn le léargas a bheith againn ar chroí agus ar mheon Chríost, an té atá beo beathach sa lá atá inniu ann, agus a roinneann aistear na croise le gach aon duine dár ndeartháireacha agus dár ndeirfiúracha atá ag fulaingt in áit ar bith ar fud na cruinne.

Gabhaimid buíochas agus an turas seo á dhéanamh againn. Thug Turas na Croise an dóchas agus fís na beatha síoraí isteach i nduibheagán an tsaoil. Tugann Turas na Croise deis dúinn láithreacht Chríost inár saol a aithint, agus an tuiscint a bheith ionainn go n-iarrtar orainn an t-aistear a dhéanamh mar phobal muinteartha.

Nuair a bhíonn tú ag guí, déan na gnéithe éagsúla den aistear a aithint i do shaol féin. Bí ag smaoineamh ar do mhuintir mhuirneach féin, ar na comharsana agus ar chomhluadar an phobail. Bíodh páirt acu san i do chuid urnaí, agus tú ag smaoineamh ar na daoine sin a fhulaingíonn cuid de pháis Íosa Críost ina saol féin ag an am seo.

An altóir i séipéal paróiste Ishiara, an Chéinia. Grianghraf: Gary Moore.

Tabhair faoi deara go roinneann tusa aistear na beatha le daoine i mbaile is i gcéin. Bí ag smaoineamh ar na teaghlaigh a luaitear i bhfeachtas Trócaire an Charghais seo, iadsan i gCéinia agus i Hondúras, atá ag fulaingt ón mbochtaineacht, ón eagla agus ón easpa cothromaíochta. Chuir Íosa Críost turas na Croise de féin ar mhaithe le pobal iomlán na cruinne. Caithfimid féin a bheith i ndlúthpháirtíocht leis an saol.

Más tusa an ceannaire a threoraíonn an pobal, siúl ar aghaidh ar luas réasúnta, agus bíodh sos beag i ndiaidh an léimh, roimh an phaidir.

Beannacht an Aifrinn ar phobal Kataboi, Turkana, an Chéinia. Grianghraf: Gary Moore

Réamhrá

Ceannaire: Cruinnímid lena chéile mar dheartháireacha agus mar dheirfiúracha Chríost. Cuirimid tús lenár nguí in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.

Cách: Amen.

Ceannaire: Is urnaí oiriúnach don Charghas é turas Íosa chun Chalvaire. Cruinnímid lena chéile mar phobal a thuigeann go mbaineann achrann lenár saol féin, agus go dtugtar dúshláin dúinn. Cruinnímid lena chéile mar phobal an chreidimh, agus mar bhaill den chine daonna, le comhbhá a léiriú i leith na ndaoine a fhulaingíonn ón gcéasadh in aghaidh an lae.

Spreagann an grá muid le comhbhá a léiriú i leith na ndaoine a fhulaingíonn ón athrú aeráide, agus leis na daoine a ndéantar cos ar bolg orthu as an mbaile agus as na tailte dúchasacha a chosaint sa Chéinia, i Hondúras nó in áit ar bith eile ar domhan.

Léitheoir: I mbliana, siúlaimid turas Íosa lámh i láimh leis an bpobal sa Chéinia agus i Hondúras. Tá an saol agus an bheatha á mbaint díobh ar bhealaí éagsúla – tríd an dúshaothrú corparáideach agus tríd an athrú aeráide. Siúlaimid i gcomhpháirtíocht leo, agus le duine ar bith eile a fhulaingíonn ón chéasadh.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, déan an chomhbhá a spreagadh ionainn i leith dhuine ar bith eile a fhulaingíonn ón chéasadh. Líon ár gcroí le do chuid grá. Beirimis barróg ghrámhar ar an domhan. Scaipimis Soiscéal na trócaire, an chóir agus an ghrá ar fud an tsaoil.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 1

Léitheoir: Íosa á dhaoradh chun báis.

Is rud marfach don dóchas é an cáineadh. Is féidir linn scrios a dhéanamh ar shaol an duine eile i bhfocal nó i ngníomh. Loitimid a gcuid dóchais.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, cabhraigh linn gan an duine eile a cháineadh tríd an meon a léirímid, nó trínár gcuid gníomhartha.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 2

Léitheoir: Íosa ag iompar na croise.

Glacann Íosa leis na rudaí nach féidir leis iad a athrú. Caithfidh daoine ar fud na cruinne glacadh leis an ocras, leis an fhoréigean, le dálaí bochta maireachtála, toisc go gceaptar nach féidir iad a

Madris, lena clann Alex (Clé) agus Joy Faith sa bhaile sa Chéinia. Grianghraf: Gary Moore

fheabhsú. Níor tháinig aon bháisteach chuig Madris agus a clann sa Chéinia le dhá bhliain anuas, de bharr an athraithe aeráide. Níl barr ar bith ag fás san áit agus caithfidh Madris siúlóid trí huaire a' chloig a chur di le huisce a fháil don teaghlach. Tá Trócaire ag cabhrú le Madris agus leis an chlann troid in aghaidh an lae i gcoinne thionchar an athraithe aeráide.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, deonaigh go mbeidh sé de mhisneach againn labhairt amach in aghaidh na héagóra a bhíonn á imirt ar dhaoine eile, agus iarracht a dhéanamh a mhalairt a chur i bhfeidhm más féidir.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 3

Léitheoir: An chéad titim faoin gcrois.

Titeann Íosa faoi ualach na croise. Fulaingíonn go leor daoine ó ualach na mbillí nach féidir a íoc, ó na fiacha baile nach mbíonn seasamh acu leo.

Bíonn ualach imní á iompar ag daoine maidir lena gcuid tithíochta, maidir le slite beatha, le cúrsaí talún, maidir leis an todhchaí.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, tabhair spreagadh dúinn ár gcuid ama agus pé chumhacht atá againn a roinnt leis na daoine atá in am an ghátair, agus deonaigh go mbeimid fial flaithiúil i gcónaí leo.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 4

Léitheoir: Teagmháil Íosa lena mháthair.

Cad a cheap Muire faoi staid Íosa? Tá sé faoi ualach, é teanntaithe ag na gardaí. Cé nach féidir léi an t-ualach a bhaint de, is féidir léi tacaíocht a léiriú. Caithfidh gurbh ábhar dóchais agus nirt d'Íosa é, í a bheith i láthair.

Máthair í Angela a chosnaíonn a clann i Hondúras. Tá sí ag troid ar feadh na mblianta leis an bhforaois agus leis na hacmhainní nádúrtha a chaomhnú don phobal Tolupach agus ag dul in aghaidh na hoibre a dhéanann na comhlachtaí logála. Obair dhainséarach i Hondúras é a leithéid a dhéanamh.

Muire, séipéal paróiste Ishiara, An Chéinia. Grianghraf: Gary Moore

Ar nós Mhuire, máthair Íosa, tá ualach mór ar Angela. Is ábhar misnigh agus nirt di an tuiscint atá aici go gcabhraíonn an seasamh a ghlacann sí go mór leis an bpobal áitiúil.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 5

Léitheoir: Síomón Cuiréanach ag tabhairt cabhair d'Íosa an chrois a iompar.

Oibríonn páirtithe Trócaire leis na pobail a bhíonn ag streachailt leis an saol. Cabhraíonn siad leo an t-ualach a iompar. Bronnann siad an dóchas orthu go mbeidh an dínit i ndán dóibh.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, deonaigh go ndéanfaimid aithris ortsa agus a bheith fial lenár gcuid paidreacha, agus lenár gcuid maoine agus ár gcuid aiscí a roinnt.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 6

Léitheoir: Veronica ag glanadh aghaidh Íosa.

Tá an chomhbhá agus an cineáltas go mór le sonrú i ngníomh Veronica. Tá sé de dhualgas orainne mar lucht leanta Íosa, comhbhá a léiriú, agus cabhair phraiticiúil a chur ar fáil do dhaoine eile. Baineann Madris le grúpa ban sa Chéinia ar a dtugtar 'Silk'. Bíonn scéim choigiltis á reáchtáil acu. Tá córas meithle i bhfeidhm acu a chuireann cabhair ar fáil le fás na mbarraí. Bíonn éadaí do na naíonáin nuabheirthe á cniotáil acu. Mothaíonn

Angela, Jocsan agus Helen an leanbh sa bhaile i Hondúras. Grianghraf: Simon Burch

Madris go bhfuil an-mheas uirthi i measc na ndaoine seo.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 7

Léitheoir: An dara titim faoin gcrois.

Bíonn sé deacair éirí tar éis titim dúinn. Bíonn sé níos deacra fós éirí den dara huair. Bítear anuas ar dhaoine áirithe nuair a dhéanann siad iarracht éirí.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, tabhair dóchas tar éis titim dúinn. Bíodh an tabhairt faoi deara ionainn an duine a bhíonn thíos leis a aithint. Bíodh an

chrógacht ionainn an lámh chúnta a shíneadh chuig an duine eile, agus dlúthpháirtíocht a léiriú i leith an té a bhíonn thíos leis.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 8

Léitheoir: Mná Iarúsailéim ag caoineadh Íosa.

Bíonn an teacht aniar agus an neart in aghaidh na héagóra go mór le sonrú i measc mná na cruinne. Tuigeann Íosa a cás, agus tacaíonn sé leo.

Arsa Angela 'Sa bhliain 2010, tháinig comhlacht logála isteach inár gcuid tailte. Bhíomar aineolach agus níor thuigeamar an rud a bhí ar siúl acu. Tuigimid cúrsaí anois agus táimid suite ar ghníomhú in aghaidh an chomhlachta logála.'

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 9

Léitheoir: Íosa ag titim an treas uair.

Is minic a leagtar daoine arís is arís, agus nach mbíonn an milleán orthu féin. Má bhíonn rialtas éagórach, nó grabáil talún, nó athrú aeráide, nó na tubaistí nádúrtha ag brú anuas ar dhuine, is deacair éirí dá bharr. Múineann Íosa dúinn an tábhacht a bhaineann le teacht aniar ón mí-ádh, agus le leanúint ar aghaidh.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, deonaigh go mbeidh tuiscint againn do na daoine sin a leagtar siar arís agus arís iad. Cabhraigh linn iad a chur ag seasamh ar a mboinn féin arís.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 10

Léitheoir: A chuid éadaigh á bhaint d'Íosa.

Tarlaíonn sé go minic go mbaintear a gcuid tailte nó a gcuid dídean de dhaoine áirithe. Fágtar daoine ar an ngannchuid de bharr an athraithe aeráide agus de bharr an dúshaothraithe. Nuair a bhreathnaímid ar na scéalta seo ón Chéinia agus ó Hondúras, tuigimid na deacrachtaí a bhíonn roimh theaghlaigh ar fud an domhain. Cé go gcónaíonn na daoine seo i bhfad óna chéile i dtíortha éagsúla, is é an scéal céanna acu é a bheith ag troid ar son na todhchaí agus ar mhaithe lena gcuid páistí agus a gcuid garpháistí.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, tuigeann tusa go maith conas mar a bhaintear an dínit de dhaoine. Deonaigh go mbeimid sásta gníomhú ar son na ndaoine sin atá ag troid go láidir leis an todhchaí a chosaint dóibh féin agus dá muintir.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 11

Léitheoir: Íosa á thairneáil ar an gcrois.

B'eachtra bhrúidiúil é Íosa a thairneáil ar an gcrois. Rinneadh é toisc gur thug Íosa dúshlán an status quo, toisc nár theastaigh ó dhaoine áirithe go mbeadh sé ar an saol a thuilleadh. Fulaingíonn Íosa ar ár son, le go slánófaí sinn.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, deonaigh go dtuigfimid go bhfuil daoine áirithe á

Maraíodh Berta Cáceres sa bhliain 2017 toisc gur throid sí le talamh an phobail i Hondúras a chosaint. Grianghraf: Goldman Environmental Prize

gcéasadh toisc go dtugann siad dúshlán an tsaoil shómhair rachmasach a bhíonn againn agus an stádas a bhaineann leis. Beannaigh na daoine sin a labhraíonn amach ar son na fírinne, agus beannaigh iadsan ach go háirithe a chosnaíonn na cearta daonna ar fud an tsaoil.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 12

Léitheoir: Íosa ag fáil bháis ar an gcrois.

Maraíodh Íosa toisc gur labhair sé amach ar son na fírinne agus an chirt. Chreid sé gurb é an chloch is mó ar phaidrín Dé iad na daoine a chuirtear ar imeall na sochaí.

Sa bhliain 2018, maraíodh 247 duine ar domhan toisc gur throid siad ar son chearta talún agus ar son chearta eile an chine dhúchasaigh.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, tabhair ár ndúshlán faoin mbealach ina mairimid. Bímis aireach ar an mhuintir atá bocht agus orthusan a ndéantar eisiamh ón tsochaí orthu.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 13

Léitheoir: Íosa á thógáil anuas den chrois.

Baineadh corp Íosa den chrois, agus rug a chairde leo é. Tarlaíonn sé go minic in am an chogaidh, agus de bharr an ainghnímh, nach mbíonn deis ag muintir an mharbhánaigh an corp a chaoineadh.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, deonaigh go mbeidh gach aon mheas againn ar an domhan a bhronn tú orainn.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Stáisiún 14

Léitheoir: Íosa á chur san uaigh.

Ba dhóigh lena chairde gur deireadh ré a bhí ann nuair a cuireadh Íosa sa tuama. An raibh dóchas ar bith i measc na ndeisceabal? San áit ina mbíonn an triomach nó dúshaothrú na gcomhlachtaí domhanda i bhfeidhm, bíonn an pobal ag iarraidh an dóchas a chothú go fóill ina measc.

Cuimhnímis ar na teaghlaigh a luaitear i bhfeachtas an Charghais, agus ar na mílte eile atá sa riocht céanna.

Ceannaire: A Íosa ár ndeartháir, bí in éineacht linn má chaillimid an dóchas.

Cór pharóiste Kataboi, Turkana, an Chéinia, ag an Aifreann.
Grianghraf: Gary Moore

Deonaigh go mbeimid ag obair le Trócaire agus le heagrais eile a thacaíonn leis na daoine a bhíonn in éadóchas, agus a oibríonn i ndlúthpháirtíocht leo.

Cách: *Slánaigh sinn a Shlánaitheoir an domhain, is trí do bhás agus d'aiséirí a saoradh sinn.*

Ceannaire: Chuireamar turas Íosa chun na croise dínn in éineacht lena chéile. Ceapadh gur bhain críoch éadóchasach le cur Íosa. Tuigimid ónár gcuid creidimh áfach, nach mar sin atá. Creidimid go dóchasach gur éirigh Íosa ó na mairbh, gur tháinig claochlú air, agus go mbeidh an claochlú céanna romhainne. Ní bheidh an eagla ná an éagóir in uachtar ag deireadh ré. A Íosa Críost, ár ndeartháir agus ár Slánaitheoir, cumhdaigh agus cosain sinn ó dhólás an tsaoil. Deonaigh go dtuigfimid na deacrachtaí a bhíonn ag na daoine leochaileacha ar domhan.

Bronn an grásta orainn ionas go mbeimid in ann labhairt amach mar a rinne tusa, agus a bheith gníomhach ar son na córa. Iarraimid é seo in ainm Dé.

Cách: *Amen.*

Ceannaire: Imímis ón áit seo mar phobal an aiséirí. Roinnimis ár gcuid dóchais leosan nach bhfuil dóchas ar bith iontu. Labhraímis amach ar son na mílte duine a mbainfí a gcuid tailte agus a gcuid dídean díobh, agus bímis fial flaithiúil leo. Tugaimis gach tacaíocht do na daoine a bhíonn ar aistear na croise gach lé den tseachtain.

Iarrann an Ceannaire beannacht Dé ar chách agus gearrann fíor na croise uirthi/air féin, ag rá:

Go gcumhdaí agus go mbeannaí Dia uilechumhachtach trócaireach muid, an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh.

Cách: *Amen.*

Tá breis acmhainní, grianghraif agus físeáin ar fáil ag: www.trocaire.org/parish

Bí linn ar:

Facebook: facebook.com/trocaireireland – bí i dteagmháil linn

Twitter: twitter.com/trocaire – na tvuíteanna is déanaí

YouTube: youtube.com/trocaire – tacaíonn sibh leis na daoine seo

Vimeo: vimeo.com/trocaire – féach ar na físeáin

Instagram: instagram.com/trocaireonline – físeáin & grianghraif anseo

Bí i dTeagmháil Linn:

Trócaire, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, Éire
F: +353 (0)1 629 3333
R: mary.boyce@trocaire.org
www.trocaire.org

Trócaire, 12 Sr. na hArdeaglaise,
Baile Átha Cliath 1, Éire
F: +353 (0)1 874 3875
R: dublincentre@trocaire.org
www.trocaire.org

Trócaire, 9 Sr. an Chócaigh,
Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org
www.trocaire.org

Trócaire, 50 Sráid an Rí, Béal Feirste
BT1 6AD, Tuaisceart Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: infoni@trocaire.org
www.trocaire.org

Glacann Trócaire go mór chugainn féin na dualgais atá orainn maidir le do shonraí pearsanta, agus táimid tiomanta chuige, cloí leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí, siad sin An tAcht um Chosaint Sonraí 1988–2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS – uathrialaithe i mballstáit AE Bealtaine 2018). Le breis eolais a fháil maidir leis an mbealach ina ndéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil is a chosaint, téigh chuig trocaire.org/privacy-security nó is féidir cóip den ráiteas príobháideachta a lorg uainn.

TAG: CH10

Trócaire